
SCÉAL RATHA

# FÓRAM AN TIONSCNAIMH EORPAIGH Ó NA SAORÁNAIGH

## BAN GLYPHOSATE




**FOGHLAIM** – PLÉIGH – NASCADH - COMHAIRLE A LORG

# CLÁR ÁBHAIR

BAN GLYPHOSATE 3

An feachtas 'Ban glyphosate' 4

Tionchar an Fheachtais 'Ban Glyphosate' 7




# 1 BAN GLYPHOSATE

Maidir leis an tionscnamh 'Ban glyphosate' (ainm iomlán: 'Ban glyphosate and protect people and the environment from toxic pesticides' (Cuirtear toirmeasc ar ghliofosáit agus cosnaítear daoine agus an comhshaol ar lotnaidicídí tocsaineacha) a cláraíodh an 25 Eanáir 2017, bhí trí aidhm leis: toirmeasc a chur ar ghliofosáit, athchóiriú a dhéanamh ar an nós imeachta a bhaineann le lotnaidicídí a fhormheas, agus spriocanna éigeantacha a leagan síos ar fud an Aontais Eorpaigh chun an úsáid a bhaintear as lotnaidicídí a laghdú.

Ba é príomhchuspóir an tionscnaimh todhchaí gan lotnaidicídí agus gan luibhicídí bunaithe ar ghliofosáit a chinntiú. Dar leis na heagraithe, cruthaíodh go bhfuil nasc idir teagmháil leis na luibicídí sin agus ailse i ndaoine agus díghrádú na n-éiceachóras.

**Foinsí maoinithe (EUR)**




## Fachtóirí an ratha

- Lucht spéise milliún Eorpach a bhí toilteanach síniú ón tús
- Níor ghá comhghuaillíocht a chruthú, ba leor leas a bhaint as an gcomhghuaillíocht a bhí ann cheana
- Bonn maoinithe comhsheasmhach

Bhí na heagraithe féin in ann €328,399 a chruinniú ó fhoinsí éagsúla, Compact, WeMove.EU agus Greenpeace san áireamh, agus i ngeall air sin tá sé ar an tionscnamh is mó rath riamh ó thaobh maoiniú de.

Chinn an Coimisiún gan toirmeasc a chur ar ghliofosáit ach gheall sé na bearta a gcuirtear síos orthu thíos a dhéanamh.

# 2
# An feachtas 'Ban glyphosate'

## Ullmhú


Ó tharla gur oibrigh páirtithe an tionscnaimh as lámh a chéile ar achainí chuig an gCoimisiún Eorpach in 2015 agus gur éirigh leo feasacht a ardú ar an dóigh sin, mheas siad gurbh é an chéad bheart eile a bhí le déanamh tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a sheoladh agus cur leis na spriocanna a bhí acu.

Mar sin féin, toisc gur chomhghuaillíocht an-mhór í, níorbh éasca teacht ar chomhaontú faoin gcaoi ar cheart an tionscnamh a cheapadh. Dhírigh páirtithe áirithe ar an nasc idir gliofosáit agus ailse, dhírigh comhpháirtithe eile ar bhithéagsúlacht a chosaint, agus páirtithe eile ar chumhacht chorparáide. B'éigean dóibh oibriú go dian dícheallach chun a chinntiú gur cuireadh a leasanna go léir san áireamh agus i láthair sa tionscnamh.

Chuir siad ciorcal cinnteoireachta ar bun (an 'Ciorcal Eagraithe') agus tháinig 10 n-ionadaí éagsúla ó na príomheagraíochtaí le chéile gach seachtain chun déileáil le leithdháileadh maoinithe, leis an straitéis cumarsáide, le clárú, le dréacht an tionscnaimh agus a iarscríbhinne, etc.

Ba é comhordaitheoir an tionscnaimh a scríobh an chéad dréacht agus a scaip ar na páirtithe eile ansin é chun barúlacha a fháil uathu. Tháinig siad le chéile ansin, scrúdaigh siad na moltaí go mion agus rinne siad iad a chomhtháthú sa doiciméad mar chuid de roinnt dréachtaí. Leanadh den phróiseas céanna i dtaca leis an iarscríbhinn.

Chuir an 'Timthriall Eagrúcháin' tús leis an bhfeachtas tuairim agus 6 mhí sular thosaigh siad ag bailiú sínithe. Ó shin i leith, d'oibrigh siad chun a gcuid straitéisí, acmhainní agus inniúlachtaí a fhorbairt. Tá sé tábhachtach a lua freisin gur oibrigh an grúpa sin i gcomhar le chéile ar fheachtais eile roimhe sin, agus dá bhrí sin, ní raibh orthu an méid céanna ama a chaitheamh ar chothú comhghuaillíochta is a chaitheann tionscnaimh Eorpacha eile ó na saoránaigh. É sin ráite, cuireann na heagraithe i dtábhacht nár leor a bheith ag brath go hiomlán ar an líonra atá agat cheana.



## Cur chun feidhme


Deir na heagraithe gurbh é an ríomhphost an modh cumarsáide ba thábhachtaí den fheachtas. Ó tharla go raibh eagraíocht feachtasaíochta ilchineálach ar líne i gceannas ar an bhfeachtas, bhí taithí acu ar dhul i dteagmháil lena mbaill go tráthrialta. Chuir a gcomhpháirtithe straitéis i bhfeidhm a bhí ar aon dul leis sin. Cé nár dhírigh na heagraithe ar theagmháil a dhéanamh leis na 'meáin thraidisiúnta', spreag siad a gcomhpháirtithe chun an t-ábhar a roinnt ar na meáin shóisialta. Fós féin, ba iad an ríomhphost an uirlis ba mhó a úsáideadh le linn an fheachtais.

Níor íoc na heagraithe as feachtais íoctha ar na meáin shóisialta ar líne. Aithníonn siad anois, áfach, go bhfuil na huirlisí sin an-tábhachtach sa lá atá inniu ann. Níl an fhógraíocht ar Facebook chomh héifeachtach céanna ó Bhallstát go chéile. Sna Ballstáit sin ina bhfuil sé níos éasca sínithe a bhailiú (e.g. sna Ballstáit nach n-éilíonn foinse chéannachta ar líne), is mó an dóchúlacht go n-úsáidfear fógra ar a ndearna fógraíocht mar ráiteas tacaíochta oifigiúil. A bhuí le fógraíocht ar Facebook freisin, is fusa tuiscint níos fearr a fháil ar cad as a dtáinig na ráitis tacaíochta.

Rinne na heagraithe liosta de na heagraíochtaí náisiúnta comhpháirteacha a bhí toilteanach páirt a ghlacadh san fheachtas agus chuir siad ina luí orthu, ina ceann agus ina ceann, deis a thabhairt síniú a bhailiú ar a suíomhanna gréasáin trí mheán na foirme leabaithe. Choinnigh siad na teagmhálacha sin agus rinne siad teagmháil rialta leo.

Ar ndóigh, ag tús an fheachtais bhí sé tábhachtach mapáil a dhéanamh ar na páirtithe leasmhara ar fud na hEorpa. Tá sé tábhachtach a bheith ar an airdeall go bhféadfadh ról lárnach a bheith ag sínithe ó thír shonrach agus go bhfuil sé ríthábhachtach líonra eagraíochtaí agus tionchairí a bhunú. Bhí an méid sin an-tábhachtach chun go n-éireodh leis an bhfeachtas sin: ní amháin a bheith ag brath ar chomhpháirtithe ach freisin na bearnaí a líonadh isteach a sainaithníodh sa líonra ag an tús.

Deir na heagraithe freisin go bhfuil sé tábhachtach suíomh gréasáin ar a rinneadh optamú le haghaidh innill chuardaigh a bheith ann don fheachtas. Le fírinne, ba ar an suíomh gréasáin a shínigh an chuid is mó de dhaoine an feachtas (8-9% de shínitheoirí). Tá sé ríthábhachtach go mbeidh suíomh gréasáin feachtais ilteangach chun dul i dteagmháil le líon mór daoine sa teanga atá acu féin.



Scríobh na heagraithe preaseisiúintí i mBéarla freisin agus d'iarr siad ar a n-eagraíochtaí comhpháirtíochta iad a aistriú go teangacha oifigiúla na dtíortha ina raibh siad lonnaithe, agus eolas agus sonraí teagmhála an eagraí áitiúil a chur san áireamh.

Fostaíodh feachtasóirí náisiúnta gairmiúla i dtrí thír (an Spáinn, an Iodáil agus an Fhrainc) mar a raibh feachtasóirí sinsir WeMove.EU lonnaithe, is é sin eagraíocht chomhordúcháin fhoriomlán an tionscnaimh. Rinne siad teagmháil le Ballstáit eile freisin mura raibh feachtasóirí tiomanta lonnaithe iontu. Go háirithe, d'eagraigh WeMove.EU, i dteannta Campact agus GLOBAL2000, lá amháin bailithe sínithe as líne. Trí 5,000 pacáiste bailithe sínithe a chur chuig sínitheoirí ar fud na hEorpa, bhailigh siad timpeall 100,000 síniú in aon deireadh seachtaine amháin.

## Bailiú sínithe


Maidir leis an gcóras bailithe ar líne, d'úsáid siad OpenECI, bogearra bailithe ar líne ar baineadh úsáid as le haghaidh roinnt tionscnaimh eile san am a chuaigh thart. Chomh maith leis an bhfoirm shínithe a chur ar fáil, bhí siad in ann sonraí teagmhála a bhailiú go díreach óna sínitheoirí. Bhí siad in ann an fhoirm bailithe sínithe a leabú ar aon suíomh gréasáin freisin.

Cé gur tháinig deireadh leis an tréimhse bhailithe oifigiúil an 25 Eanáir 2018, bhí na heagraithe in ann 1 mhilliún síniú a bhailiú laistigh de chúig mhí agus chinn siad an bailiú a dhúnadh go luath an 2 Iúil 2017. Theastaigh uathu a sínithe a dheimhniú go tapa freisin ionas go bhféadfaí an tionscnamh a thíolacadh sula ndearna an Coimisiún cinneadh faoin gceadúnas gliofosáite a choinneáil.

**NÓTA TÁBHACHTACH:**

Ón 1 Eanáir 2023, is é an Lárchóras Bailithe ar Líne amháin a bheidh na heagraithe ábalta a úsáid.

**Líon na ráiteas tacaíochta**
(i gcló trom, tíortha inár sroicheadh an tairseach)




## Fíorú agus tíolacadh

Cé gur chuir roinnt tíortha an próiseas fíoraithe i gcrích tráth is déanaí ná tíortha eile, tíolacadh an tionscnamh an 6 Deireadh Fómhair 2017 agus bhí deimhnithe ag gabháil leis chun bailíocht 1,070,865 ráiteas tacaíochta a dhearbhú.

# 3
# Tionchar an Fheachtais ‘Ban Glyphosate’

## Scrúdú agus cinneadh ón gCoimisiún

Bhuail na heagraithe leis an gCoimisiún – an Chéad-Leas Uachtarán Timmermans, an Coimisinéir Andriukaitis agus oifigigh shinsearacha ó roinnt seirbhísí lena mbaineann – an 23 Deireadh Fómhair 2017 (féach an phreaseisiúint). An 20 Samhain, thíolaic na heagraithe a dtionscnamh le linn éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa.

Roghnaigh siad na daoine ab eolasaí le haghaidh an chruinnithe leis an gCoimisiún. Lean siad den straitéis chéanna agus an éisteacht phoiblí á hullmhú acu – tháinig siad le chéile roimh ré chun cinneadh a dhéanamh faoi na pointí ar theastaigh uathu béim a leagan orthu. Thug roinnt mhaith Feisirí de Pharlaimint na hEorpa an-tacaíocht go deo dóibh.

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2017 (féach an phreaseisiúint), tháinig an Coimisiún ar na conclúidí seo a leanas:

- Níl aon fhorais eolaíocha ná dlí ann a thabharfadh bonn cirt le toirmeasc ar ghliofosáit.
- Déanfaidh an Coimisiún togra reachtach chun trédhearcacht a mhéadú sa mheastóireacht ar lotnaidicídí agus feabhas a chur ar cháilíocht agus neamhspleáchas na staidéar eolaíoch arb iad bunús na measúnuithe a rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA).
- Déanfar athbhreithniú ar chur chun feidhme na Treorach maidir le hÚsáid Inbhuanaithe.

Tá breis eolais faoi na bearta leantacha le fáil ar shuíomh gréasáin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh.



## Obair Leantach

Chuathas i dteagmháil le grúpa na n-eagraíochtaí comhghuaillíochta mar aon le sínitheoirí aonair trí ríomhphost chun iad a chur ar an eolas faoi thoradh an fheachtais.

Lean comhghuaillíocht na n-eagraíochtaí de bheith gníomhach i ndiaidh dóibh an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a thabhairt chun críche. Rinne siad iarracht tionchar a bheith acu ar reachtaíocht an Aontais maidir le hábhar gaolmhar (dlí ginearálta bia). Nuair a ritheadh an dlí, tháinig laghdú ar a ngníomhachtaí comhordaithe. Fós féin, tá a liostaí ríomhphoist gníomhach go fóill agus fanann na heagraithe i dteagmháil leis na sínitheoirí i dtaca le saincheisteanna a bhfuil baint acu lena gcás.

Lean sínitheoirí aonair ar aghaidh de bheith tábhachtach don fheachtas, fiú i ndiaidh dóibh an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a thabhairt chun críche. Mhínigh na heagraithe go raibh na sínitheoirí ríthábhachtach go déanach san fheachtas, go háirithe nuair a pléadh an dlí ginearálta bia i bParlaimint na hEorpa.

### Noda agus leideanna i gcomhair eagraithe amach anseo

- Sula seolfaidh tú an tionscnamh, bailigh lucht spéise ar líne a mbeidh na céadta mílte ann agus a mbeidh tú cinnte de gur féidir dul ina muinín chun sínithe a bhailiú. Imíonn an t-am ar nós na gaoithe!
- Mura mbeidh lucht spéise mór i gceist ar féidir dul ina muinín ag an seoladh, caithfidh tú thart ar 3,000 síniú nua in aghaidh an lae a bhailiú de réir a chéile le linn na tréimhse bailithe aon bhliana ina iomláine.
- Déan deimhin de go mbeidh grúpa an-mhór daoine ar fáil agus réidh le tosú ar an mbailiú a luaithe a bheidh an tionscnamh cláraithe.
- Fuarthas an chuid is mó den mhaoiniú ó na heagraíochtaí is comhaltaí a raibh an tionscnamh á chur ar aghaidh acu. Tabhair spreagadh d'eagraíochtaí is comhaltaí airgead a chruinniú chun tacú leis an obair a dhéanann siad le linn an fheachtais.
- Déan monatóireacht dhlúth ar an dul chun cinn a dhéantar chun do spriocanna bailithe sínithe a bhaint amach i ngach tír
- Tá tábhachtacht nach beag ag baint le cumarsáid trí ríomhphost chun feachtas a rith.

### Na ceachtanna a foghlaimíodh

- Dá mbeadh an Coimisiún sách fabhrach do spriocanna tionscnaimh, d'fhéadfadh sé a bheith ina uirlis iomchuí, ach ní leor tionscnamh rathúil chun iallach a chur ar an gCoimisiún rud a dhéanamh mura mian leis é a dhéanamh nó mura féidir leis é a dhéanamh. Tugann na heagraithe faoi deara freisin, áfach, go bhféadfaí an uirlis a úsáid ar an leibhéal Eorpach mar 'uirlis chun clár oibre a leagadh síos'.
- Bhí rath ar an tionscnamh sa mhéid gur baineadh 1 mhilliún síniú amach, gur bhuail na heagraithe leis an gCoimisiún, go raibh éisteacht phoiblí acu i bParlaimint na hEorpa, go bhfuair siad freagra ón gCoimisiún agus go ndearnadh roinnt bearta leantacha ina theannta sin. Mar sin féin, measann na heagraithe nach raibh rath ar an tionscnamh toisc nár baineadh na cuspóirí a bhí leis amach.
- Mhínigh na heagraithe a ríthábhachtaí is atá an t-am más mian leat difear a dhéanamh do chomhad reachtach atá á phlé. D'fhéadfadh an tráthúlacht tionchar níos mó a chinntiú sa deireadh thiar.